Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2867. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

Chuig: Údaráis na nIarbhunscoileanna **S 62/14**

Socruithe Measúnachta don Obair Chúrsa Phraiticiúil agus don Staidéar Bia in Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) na hArdteistiméireachta sa bhliain 2016.

Gheobhaidh tú leis seo na cáipéisí a leanas i gcomhair **iarrthóirí a dhéanfar a mheasúnú sna nithe thuasluaite in 2016**:

- Treoirlínte don Obair Chúrsa
- Taisc i Staidéar Bia
- Achoimre Thaisc don Obair Chúrsa Phraiticiúil i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh (Roghnach)

Seolfar chugat an Dialann don Obair Chúrsa Phraiticiúil / Staidéar Bia (ceann amháin do gach iarrthóir) faoi chlúdach ar leith.

Comhpháirteanna an Scrúdaithe

Cuimseoidh an scrúdú ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal araon an méid seo a leanas:

A. Iarrthóirí a roghnaíonn na hábhair roghnacha Bainistíocht agus Dearadh Baile nó Staidéar Sóisialta

1.	Scrúdú scríofa	(80%)
2.	Obair Chúrsa i Staidéar Bia	(20%)

B. Iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach Teicstílí, Faisean agus Dearadh

1.	Scrúdú scríofa	(70%)
2.	Obair Chúrsa i Staidéar Bia	(20%)
3.	Obair Chúrsa i Staidéar Teicstílí Roghnach	(10%)

Ní mór d'iarrthóirí an t-ábhar roghnach a dhéanann siad a chur in iúl don Coimisiúin agus eiseofar treoracha maidir leis seo le himeacht aimsire.

Dátaí na Scrúduithe / Spriocdhátaí na hOibre Cúrsa

Beidh an scrúdú scríofa ann i mí an Mheithimh mar is gnách.

Ní mór an Obair Chúrsa i Staidéar Bia a chríochnú faoi ***2 Samhain 2015***

Ní mór an Obair Chúrsa i Staidéar Teicstílí Roghnach a chríochnú faoi ***29 Aibreán 2016.***

Beidh na spriocdhátaí céanna ag gach iarrthóir, iarrthóirí a bheidh ag déanamh an scrúdaithe athuair san áireamh.
Seolfar socruithe chuig scoileanna maidir leis an obair chúrsa ar fad a chur isteach le haghaidh measúnachta agus sinn ag druidim leis na spriocdhátaí.

Dialanna *pro-forma* don obair chúrsa (Staidéar Bia Praiticiúil) a úsáid

Tabhair faoi deara le do thoil nach mór do gach iarrthóir úsáid a bhaint as na dialanna *pro-forma* atá curtha ar fail ag an gCoimisiúin.

Más mian le hiarrthóirí taithí a fháil ar chuntais a scríobh sna dialanna *pro-forma* sula dtosaíonn siad ar obair an scrúdaithe, iarrtar orthu é a dhéanamh ar leaganacha fótachóipeáilte de na dialanna *pro-forma*. **Ní sheolfaidh** an Coimisiúin amach cóipeanna breise mar áis chun taithí a fháil ar na dialanna *pro-forma* líonadh isteach. **Aon dialann amháin** is cóir do gach iarrthóir a chur isteach.

Ón uair nach féidir, an tráth sin, scrúduimhreacha a úsáid chun dialann a aithint, moltar go gcuirfeadh iarrthóirí a nUimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) sa spás cuí ar an dialann.

A thábhachtaí atá sé a dheimhniú gurb é an obair rinne an t-iarrthóir féin gan aon chúnamh a bhíonn sa fhreagarleabhar

Ní ghlacfar chun críche measúnachta le hobair chúrsa i Staidéar Bia agus i Staidéar Teicstílí Roghnach gan údaráis na scoile a dhearbhú ar fhoirmeacha a sholáthróidh an Roinn, gur obair an iarrthóra amháin é a rinne sé/sí gan aon chúnamh ó aon duine. Ba chóir do na múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí ar bhonn rialta. Ba chóir aird na n-iarrthóirí uile agus a gcuid múinteoirí a dhíriú ar Chiorclán S68/04 agus S69/04.

Déan cinnte de le do thoil go dtuigeann na hiarrthóirí go n-áireofar an obair chúrsa i gceann den dá chatagóir a leanas, má mheastar go bhfuil sé neamhbhailí:

(i) Cásanna nach gcomhlíonann na riachtanais maidir le hobair chúrsa a ghlacadh le haghaidh measúnachta, i.e. nuair nach ndéantar faoi stiúir mhúinteora í. Is éard a tharlaíonn i gcás obair sa chatagóir sin nach gcuirtear san áireamh sa mheasúnacht í.

(ii) Nuair a chuirtear fianaise ar fáil go mb'fhéidir go raibh iarrthóir ag iarraidh buntáiste míchothrom a fháil thar mic léinn eile, e.g. i gcás go rabhthas amhrasach maidir le cóipeáil, bradaíl nó cuidiú míchuí ó threas páirtí, is éard a tharlaíonn go gcoimeádtar siar na torthaí go gcuirtear an phróis chuí i gcrích. Tá na pionóis i gcásanna dá leithéid leagtha amach sna Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna agus grádaítear iad ó chailliúint an ábhair go chailliúint an scrúdaithe ar fad i ngach ábhar, nó coisctear ar iarrthóir na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta ina dhiaidh sin.

Coimeádfar siar na marcanna sa dá chatagóir, (i) agus (ii), agus cuirfear an fhianaise i láthair an iarrthóra / na n-iarrthóirí le haghaidh a gcuid tuairimí. Ach an fhianaise a fháil, déanfar cinneadh maidir le bronnadh na dtorthaí.

Maidir le breis eolais ar an gceist seo féach, le do thoil, na Treoirlínte don Obair Chúrsa agus an Achoimre Thaisc don Obair Chúrsa Phraiticiúil i Staidéar Bia agus i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh Roghnach.

Freagairt trí Ghaeilge

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbronnfar marcanna bónais ar aon obair chúrsa a dhéanfar trí Ghaeilge, díreach mar a tharlaíonn i gcás na scrúduithe eile ar fad a bhfuil comhpháirteanna iontu seachas an scrúdú scríofa foirmiúil.

Iarrtar ort an ciorclán seo a chur faoi bhráid na múinteoirí agus na ndaltaí lena mbaineann sé. Má tá aon cheist agat téigh i dteagmháil, le do thoil, le Coimisiúin na Scrúduithe Stáit ag 090 644 2749/2866/2867.

Máire Ní Dhonnchú
Oifigeach Feidhmiúcháin
Meán Fómhair, 2014.